Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2018**
**(OR. en)**

**8960/18**

**DEVGEN 68**
**ACP 39**
**COHAFA 31**
**RELEX 408**
**FIN 388**
**WTO 133**
**ONU 40**
**OCDE 5**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 22 Bealtaine 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8554/18 |
| Ábhar: | Tuarascáil bhliantúil 2016 ar chur chun feidhme ionstraimí an Aontais Eorpaigh chun gníomhaíochtaí seachtracha a mhaoiniú in 2016<br>- Conclúidí ón gComhairle (22 Bealtaine 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le tuarascáil bhliantúil 2016 ar chur chun feidhme ionstraimí an Aontais Eorpaigh chun gníomhaíochtaí seachtracha a mhaoiniú in 2016, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3618ú cruinniú a bhí aici ar an 22 Bealtaine 2018.

**IARSCRÍBHINN**

**Tuarascáil Bhliantúil 2016 ar chur chun feidhme ionstraimí an Aontais Eorpaigh chun gníomhaíochtaí seachtracha a mhaoiniú in 2016**

**Conclúidí ón gComhairle**

1. Is díol sásaimh don Chomhairle an Tuarascáil Bhliantúil ar chur chun feidhme ionstraimí an Aontais Eorpaigh chun gníomhaíochtaí seachtracha a mhaoiniú in 2016 agus na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an gCoimisiún ionas go leanfar de cháilíocht na tuarascála a fheabhsú, de dhíriú ar thorthaí sa tuarascáil agus de sholáimhsitheacht na tuarascála a fheabhsú. Measann an Chomhairle gur rannchuidiú tábhachtach é an tuarascáil bhliantúil le saoránaigh agus le páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoin gcaoi a gcuireann an tAontas a chúnamh seachtrach chun feidhme agus faoi na torthaí a baineadh amach.

2. Cuireann an Chomhairle i bhfios an dul chun cinn a rinneadh i dtreo chur chun feidhme chlár oibre 2030 don fhorbairt inbhuanaithe agus i dtreo na 17 sprioc forbartha inbhuanaithe (SDGanna) dá cuid a cuireadh i láthair sa tuarascáil bhliantúil. Iarann an Chomhairle ar sheirbhísí an Choimisiúin agus ar SEGS léiriú a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil gníomhaíochtaí á gcur i gcrích ag an Aontas ina léirítear a thiomantas gan duine ar bith a fhágáil ar lár, mar aon le clár oibre 2030, an comhdhearcadh Eorpach maidir le forbairt agus comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide. Tathantaíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint den obair ar chomhtháthú beartas ar mhaithe le forbairt (PCD) mar ghné ríthábhachtach chun SDGanna a bhaint amach agus a chuireann ar bhealach tábhachtach leis an gcuspóir níos leithne atá sa chomhtháthú beartais ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe (PCSD).

3. Cuireann an Chomhairle i bhfios gur den riachtanas raon feidhme iomlán bheartais agus uirlisí an Aontais a úsáid ar bhealach cuimsitheach i réimsí taidhleoireachta, slándála, airgeadais, trádála, i ngníomhaíochtaí don fhorbairt agus sa chabhair dhaonnúil. Iarrann an Chomhairle go n-ndéanfaí an cur chuige 'comhfhís' agus 'comhghníomhaíocht' a neartú, rud a moladh sa straitéis dhomhanda maidir le beartas eachtrach agus slándála an Aontais Eorpaigh lena n-áirítear dul i dtreo Aontas a bheidh níos inchreidte, níos freagrúla agus níos comhordaithe. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir, gur Aontas a bhfuil rath air is bonn le hEoraip níos láidre sa domhan agus nach mór an rathúnas a roinnt agus spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna) a chomhlíonadh ar fud an domhain, an Eoraip san áireamh.

4. Molann an Chomhairle, go háirithe, cur chun feidhme bheartas comharsanachta na hEorpa lena n-áirítear an tacaíocht a thugtar d'athchóirithe polaitiúla agus eacnamaíocha, don athrú daonlathach agus don chobhsaíocht atá bunaithe ar chur chuige difreáilte agus ar níos mó úinéireachta a bheith ann. Tugann an Chomhairle dá haire freisin measúnú an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme straitéis an mhéadaithe, mar a leagtar amach sa Teachtaireacht i ndáil le beartas an Aontais maidir le méadú i mí na Samhna 2016, go háirithe an cinneadh lena rannchuideofar go mór leis an gcomhar agus leis an nascacht sna Balcáin Thiar.

5. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil leibhéil agus áit gheografach na bochtaineachta agus an neamhionannais tar éis athrú agus go bhfuil tíortha atá i mbéal forbartha ag éirí níos éagsúlaithe de réir a chéile ná mar a bhí. Tá sciar méadaitheach de bhochtáin an domhain sna stáit leochaileacha atá buailte ag coinbhleachtaí agus san Afraic fho-Shahárach, cé gurb ann do phócaí suntasacha bochtaineachta i gcuid mhaith tíortha meánioncaim fós. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil tacaíocht an Aontais gona Bhallstáit dírithe ar na háiteanna is mó a bhfuil gá léi agus inar mó an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aici. Meabhraítear don Chomhairle na conclúidí uaithi dar dáta 19 Meitheamh 2017[1] ina gcuirtear béim ar a thábhachtaí atá comhpháirtíocht chothrom, inbhuanaithe idir an Afraic agus an tAontas Eorpach, a bheidh ar leas a chéile, de mheon comhúinéireachta agus comhfhreagrachta.

6. Is díol sásaimh don Chomhairle iarrachtaí an Aontais chun cúnamh tarrthála bunaithe ar riachtanais a chur ar fáil do dhaoine atá thíos le géarchéimeanna daonnúla, lena n-áirítear géarchéimeanna fada, i ngach cearn den domhan. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil na géarchéimeanna daonnúla ag dul i méid ó thaobh líon de agus a chasta agus a dhéine atá siad. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá iarracht leanúnach ón Aontas agus ó na Ballstáit chun dul i ngleic le cúiseanna na ngéarchéimeanna sin, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an athrú aeráide, agus aghaidh a thabhairt, ar bhealach sásúil, ar na riachtanais sin atá ag dul i méid .

7. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an tAontas ag géarú ar a chuid iarrachtaí i réimse an chomhshaoil agus an athraithe aeráide i dtaca le cur chun feidhme na n-ionstraimí seachtracha, go háirithe, príomhshruthú na n-ábhar sin, ar den riachtanas é chun dul chun cinn suntasach a bhaint amach.

---

[1] 10454/17

8. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thiomanta atá sí don dea-rialachas, don daonlathas agus don smacht reachta mar aon le hurraim do chearta an duine agus iarrann sí ar an Aontas gona Bhallstáit a gcuid iarrachtaí a neartú chun na nithe sin a chur chun cinn a thuilleadh ós den riachtanas iad chun an fhorbairt inbhuanaithe a bhaint amach.

9. Iarann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint de thuairisciú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an imirce agus leis an bhforbairt, lena n-áirítear na bunchúiseanna atá leis an imirce mhírialta agus le daoine a bheith á n-easáitiú. Ba cheart go n-áireofaí air sin tuairisciú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá ciste iontaobhais éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic agus cistí iontaobhais eile de chuid an Aontais.

10. Athdhearbhaíonn an Chomhairle na naisc idir an fhorbairt inbhuanaithe, an teacht aniar, an leochaileacht, an ghníomhaíocht dhaonnúil agus coinbhleachtaí a chosc agus an tsíocháin a chothú. Tá an Chomhairle ag súil leis an tuairisciú a dhéanfar i ndáil leis na tíortha píolótacha agus an nasc idir an ghníomhaíocht dhaonnúil agus an fhorbairt.

11. Lena chois sin, iarrann an Chomhairle go leanfaí de thuairisciú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Aontais a bhaineann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta, ar cheart freagairtí práinneacha do ghéarchéimeanna polaitiúla agus rannchuidiú le misin shibhialtacha chobhsaíochta a áireamh ann.

12. Meabhraíonn an tAontas a chonclúidí i ndáil le plean gníomhaíochta 2016-2020 maidir le caidreamh seachtrach[2] agus na gealltanais láidre a thugtar sa chomhdhearcadh Eorpach maidir le comhionannas inscne agus an cumhachtú a chur chun cinn i ngach réimse gníomhaíochta. Molann an Chomhairle go mór don Choimisiún tús áite a thabhairt don chomhionannas inscne agus do chearta na mban agus do chearta na gcailíní agus don chumhachtú, agus is díol sásaimh di ós amhlaidh atá gur roghnaíodh an comhionannas inscne mar théama chomhimeacht tionscnaimh líonra cumarsáide don fhorbairt Eorpach an 25 Bealtaine 2018, agus ina theannta sin, gur roghnaíodh mar théama laethanta Eorpacha don fhorbairt an 5-6 Meitheamh 2018 é[3].

---

[2] 15571/17

[3] Bunaíodh an Coimisiún agus na Ballstáit an líonra mar fhreagairt do na conclúidí ón gComhairle i mí na Bealtaine 2017.

13. Molann an Chomhairle an tAontas as a ranníocaíochtaí le maoiniú don fhorbairt ina leagtar amach na modhanna cur chun feidhme le spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach. Is díol sásaimh don Chomhairle gur athdhearbhaigh an tAontas gona Bhallstáit gurb iad féin a chuireann an chuid is mó den chistiú um fhorbairt ar fáil ar domhan, agus rannchuidíonn siad le níos mó ná leath den chúnamh oifigiúil um fhorbairt (ODA) ar fud an domhan. Is é an tAontas Eorpach a d'íoc amach, ar a chonlán féin, breis agus EUR 13.1 ó thaobh cúnamh oifigiúil um fhorbairt thar ceann an Aontais le linn 2016.

14. Tá a ngealltanais aonair agus chomhchoiteanna ODA athdhearbhaithe ag an Aontas gona Bhallstáit.[4] Meabhraítear don Chomhairle gur foinse mhór airgeadais é ODA do na tíortha is lú forbairt (LDCanna) agus do stáit leochaileacha, nach bhfuil an acmhainn intíre acu teacht ar mhaoiniú ó fhoinsí eile.

15. Is díol sásaimh don Chomhairle iarrachtaí an Aontais gona Bhallstáit úsáid mhaith a bhaint as gach modh cur chun feidhme maidir leis an bhforbairt atá ann, i gcomhréir le Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa. Is díol sásaimh di, go háirithe, an clár maidir le slógadh acmhainní intíre, an tionscnamh cánach Addis, plean infheistíochta seachtraí an Aontais agus na hiarrachtaí chun cur le héifeachtacht na forbartha lena n-áirítear trí bhíthin an chlársceidealaithe chomhpháirtigh. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé na dálaí iomchuí a chruthú ar mhaithe le hinfheistíocht, éagsúlú eacnamaíoch, lánpháirtiú réigiúnach eacnamaíoch breise, forbairt na hearnála príobháidí agus an comhar trádála feabhsaithe.

16. Tugann an Chomhairle dá haire na ceachtanna meastóireachta a bhí sa tuarascáil bhliantúil, lena n-áirítear an gá le hanailís chomhthéacs feabhsaithe, a thábhachtaí atá úinéireacht náisiúnta agus comhpháirtíochtaí láidre idir an tAontas agus comhpháirtithe tábhachtacha mar aon leis an ngá atá le teacht isteach ar athruithe ar an talamh níos tapúla.

---

[4] Féach conclúidí ón gComhairle maidir le "Infheistiú san Fhorbairt Inbhuanaithe" agus Tuarascáil Bhliantúil 2018 don Chomhairle Eorpach maidir le Spriocanna an Aontais Eorpaigh i réimse na Cabhrach um Fhorbairt

17. Meabhraíonn an Chomhairle na conclúidí a ghlac sí roimhe seo maidir le tuairisciú torthaí agus is díol sásaimh di gur comhtháthaíodh sa tuarascáil torthaí atá bunaithe ar Chreat an Aontais le haghaidh Torthaí sa Chomhar Idirnáisiúnta agus san Fhorbairt. Iarann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint de fheabhas a chur ar cháilíocht an tuairiscithe trí thorthaí tionscadal leanúnach, breis leasa a bhaint as sonraí imdhealaithe de réir inscne agus anailís agus measúnú ar chuspóirí a bhaint amach a áireamh. Ina theannta sin, molann an Chomhairle don Choimisiún an méid seo a leanas a fhorbairt a thuilleadh: tuairisciú i ndáil le daoine faoi mhíchumas, an digitiú don fhorbairt, don tsláinte, don oideachas, cur chun feidhme comhpháirteach ghealltanais an Aontais agus iad siúd a rianú sa chéad tuarascáil bhliantúil eile.